www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2011–2012

# Eolaíocht: Teastas Singil (Modúlach)

## Leictreachas, Tonnta agus Cumarsáid

## Modúl 5

## Bonnsraith

**[GSC51]**

**DÉARDAOIN 24 BEALTAINE 2012, MAIDIN**

GSC51

**AM**

45 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **sé** cheist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 45 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

1 Taispeánann an léaráid seo thíos bolgáin atá treocheangailte.



**(a)** Luaigh dhá bhuntáiste as bolgáin a bheith treocheangailte seachas a bheith sraithcheangailte.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

**(b) (i)** Tá voltas 6 V á sholáthar ag an chadhnra sa chiorcad thuas. Cá mhéad voltais a gheobhaidh gach bolgán.

Roghnaigh ó:

**3 V** **6 V** **2 V**

Freagra ______________ [1]

**(ii)** Cad é a tharlódh do ghile na mbolgán dá gcuirfí cadhnraí breise leis an chiorcad?

______________________________ [1]

**(iii)** Luaigh dhá athrú eile a tharlódh sa chiorcad dá gcuirfí cadhnraí breise leis.

1. ______________________________ [1]

2. ______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c) (i)** Ainmnigh an cineál méadair ba chóir a úsáid leis an sruth atá ag sreabhadh tríd an chiorcad a thomhas.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an t-aonad le haghaidh sruth leictreach.

Roghnaigh ó:

**volta** **vata** **aimpéar** **giúl**

Freagra _______________________ [1]

www.xtrapapers.com


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** **(a)** Úsáid línte le gach foinse fuinnimh a mheaitseáil leis an chur síos cheart.

| **foinse fuinnimh** | **cur síos** |
|---|---|
| gual | Foinse in-athnuaite a bhíonn in úsáid go díreach le tuirbíní a chasadh |
| gaoth | Breosla a dhóitear i stáisiúin chumhachta |
| solas | Foinse a scaoileann fuinneamh trí mheath radaighníomhach |
| núicléach | Foinse a bhíonn in úsáid ag grianchealla le leictreachas a tháirgeadh. |

[3]

**(b)** Is féidir le stáisiún cumhachta Kilroot i dTuaisceart Éireann ola nó gás a úsáid ag brath ar an chostas. Taispeánann an graf seo thíos costas gáis in aghaidh an lítir ó Iúil 2006 go dtí Iúil 2008




**(i)** Cén costas a bhí ar 1 lítear gáis i Samhain 2006?

Freagra _______________ p [1]

www.xtrapapers.com

**(ii)** Cén tréimhse a raibh níos mó ná 50p ar lítear gáis lena linn?

ó ____________________ go dtí ____________________ [1]

**(iii)** Cuirtear síos ar ola agus ar ghás araon mar fhoinsí neamh-inathnuaite fuinnimh.
Cad é a chiallaíonn an téarma “neamh-inathnuaite?

________________________________________ [1]

**(iv)** Mínigh ina iomláine míbhuntáiste timpeallachta as ola nó gás a úsáid i stáisiúin chumhachta.

________________________________________

________________________________________


________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** Taispeánann an pictiúr seo thíos luchtaire guthán póca.



**(a) (i)** Nuair atá an luchtaire ar obair soláthraíonn sé voltas 6 V agus sruth 3 A go dtí an guthán.

Úsáid an chothromóid:

**cumhacht = voltas × sruth**

leis an chumhacht atá á soláthar go dtí an guthán a ríomh.

(Taispeáin do chuid oibre.)

Freagra ______________________ [2]

**(ii)** Ainmnigh an t-aonad le haghaidh cumhachta.

Roghnaigh ó:

**giúl** **óm** **vata**

Freagra ______________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Bíonn micreathonnta in úsáid i nguthán póca le comharthaí a tharchur.

**(i)** Ainmnigh riosca a d'fhéadfadh a bheith ann don tsláinte mar gheall ar mhicreathonnta a bheith in úsáid i nguthán póca.


_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh dóigh **amháin** leis an riosca sláinte seo a laghdú.

_______________________________________________ [1]

**(c)** Is féidir comharthaí digiteacha agus comharthaí analógacha araon a úsáid i nguthán póca.

**(i)** Cé acu léaráid (**A**, **B** nó **C**) thíos a léiríonn comhartha digiteach?




*© CCEA GCSE Single Award in Science Foundation Tier by A G McFarland, C Murphy & J Napier, page 113 published by Hodder Education, 2009. ISBN 978 0340 974728. 'Reproduced by permission of Hodder Education'*

Freagra ____________________ [1]

**(ii)** Luaigh fáth **amháin** a bhfuil comharthaí digiteacha níos fearr ná comharthaí analógacha.


_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Taispeánann an léaráid seo thíos súil an duine.




© CCEA GCSE Single Award in Science Foundation Tier by A G McFarland, C Murphy & J Napier, page 114, published by Hodder Education, 2009. ISBN 978 0340 974728. 'Reproduced by permission of Hodder Education'

**(a)** Úsáid an léaráid agus do chuid eolais féin leis na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

**(i)** Ainmnigh an chuid den tsúil ina bhfoirmítear an íomhá.

______________________________ [1]

**(ii)** Ainmnigh an chuid den tsúil is mó a athraonann solas.

______________________________ [1]

**(iii)** Cad é a chiallaíonn an téarma "athraon"?

______________________________ [1]

**(b)** Is é lionsa dronnach an cineál lionsa atá sa tsúil. Ainmnigh an cineál lionsa eile agus cuir síos ar cad é a dhéanann sé do ghathanna comhthreomhara solais.

Ainm ____________________

Cur síos ______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(c)** Chuaigh Tomás chuig an radharceolaí agus mhínigh sé:

*"nuair a choinním leabhar cóngarach dom, tá na focail soiléir ach nuair atá an leabhar fad láimhe ar shiúl uaim tá na focail doiléir."*

(i) Cén fhadhb choitianta, a bhaineann le radharc na súl, atá ag Tomás?

______________________________________________ [1]


**(ii)** Luaigh cad é atá contráilte leis an lionsa i súil Thomáis agus a d'fhéadfadh a bheith ina chúis leis an fhadhb seo.

______________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

**5** Taispeánann an léaráid seo thíos cad é mar is féidir le galfaire gléas ultrasonach (ultrafhuaim) a úsáid leis an fhad go dtí an bhratach a thomhas.




**(a)** Léiríonn an gléas fad 120 m agus is é 0.8 s an t-aga athfhillidh don chomhartha.

Úsáid an chothromóid:

$$\textbf{luas} = \frac{\textbf{fad}}{\textbf{am}}$$

le luas fuaime in aer a thomhas.

(Taispeáin do chuid oibre.)

Freagra ____________________ m/s [3]

**(b)** **(i)** Mínigh ina iomláine cad é a chiallaíonn an téarma "ultrafhuaim".

______________________________________________________

______________________________________________________

______________________________________________________ [2]

**(ii)** Seachas fad a thomhas, luaigh dóigh eile a mbíonn ultrafhuaim in úsáid.

______________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(c)** Is fadtonn í ultrafhuaim agus is sampla é solas den chineál eile toinne atá ann.

**(i)** Ainmnigh an **cineál** eile toinne seo.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh gné **amháin** atá i gcoiteann ag tonn solais agus fuaimthonn araon.

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

6 Taispeánann an tábla seo thíos an costas in aghaidh an aonaid atá ar leictreachas a ghiniúint ó chuid de na foinsí fuinnimh atá ar fáil sa RA.

| Foinse fuinnimh | Costas tógála/p | Costas breosla/p | Costas reatha/p | Costas lena dhíchoimisiúnú/p | Costas iomlán/p |
|---|---|---|---|---|---|
| Gual | 1.1 | 1.5 | 0.3 | 0.1 | 3.0 |
| Gás | 0.4 | 2.5 | 0.5 | 0.1 | 3.5 |
| Núicléach | 1.5 | 0.5 | 0.5 | 2.5 | 5.0 |
| Gaoth | 4.2 | costas ar bith | 0.9 | 0.2 | 5.3 |
| Taoide | 4.9 | costas ar bith | 1.7 | 0.2 | |

**(a)** Ríomh an costas iomlán in aghaidh an aonaid atá ar fhuinneamh **taoide**.

Freagra _______________ p [1]

**(b)** Úsáid an fhaisnéis sa tábla agus luaigh dhá dhifear idir an costas a bhaineann le foinsí in-athnuaite agus an costas a bhaineann le foinsí neamh-inathnuaite le leictreachas a ghiniúint.

1. ____________________________________________

____________________________________________

2. ____________________________________________

____________________________________________ [2]

Is í cumhacht núicléach an ceann is costasaí lena díchoimisiúnú.

**(c)** Cuir síos ina iomláine ar cad é a tharlaíonn agus díchoimisiúnú ar bun agus luaigh fáth **amháin** a bhfuil sé chomh costasach sin.

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________

____________________________________________ [3]

www.xtrapapers.com

**(d)** Seachas costas, luaigh míbhuntáiste **amháin** as fuinneamh taoide a úsáid.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

112910